# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir



## *Campa Muireolaíochta*

Bhí áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir an Campa Muireolaíochta a reáchtáil don dara bhliain as a chéile, idir an 8ú-12ú Iúil, i gcomhar le Muintearas.
Thug an campa seo eolas bunúsach dona scoláirí faoi eolaíocht na mara ag clúdach ábhair ar nós ár bpobal chósta, an fharraige oscailte, an fharraige dhomhain, truailliú agus imscrúdú ar an nasc atá idir na daltaí féin leis an bhfarraige timpeall orthú.

Le linn an chúrsa bhí na daltaí i mbun turgnaimh agus rinne siad taighde agus bhailigh siad sonraí a bhain leis an gcósta timpeall orthu. San seomra ranga nua idirghníomhach, spreagadh na daltaí chun a gcuid smaointe féin a fhorbairt, ceisteanna a chur agus teacht ar réitigh ar na dúshláin reatha atá roimh thimpeallacht na mara.



Buíochas ó chroí leis an múinteoir iontach, Róisín Ní Bhriain, agus an cúntóir Fiona Bhreathnach. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh freisin le Coláiste na bPiarsach agus Scoil Cholmain as ucht an ceadúnas a thabhairt chun na seomraí ranga a úsáid.



Ar ndóigh, comhghairdeas mór leis na scoláirí iontacha a chríochnaigh an cúrsa.

Ar an lá deireanach den champa, tar éis an mhaidin álainn grianmhar a chaitheamh ar Thrá Mhuighnse, bronnadh teastais críochnaithe, t-léine agus mála féiríní orthu, de bharr an obair a chuir siad isteach.

# Thug an tAire Jack Chambers an ghrian agus léas dóchais leis go Carna

-Máirtín Ó Cathain

B'é an chéad uair aige in Iorras Aithneach é nuair a tháinig an tAire Stáit Gaeltachta, Jack Chambers, go dtí muid in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an 12ú Lúnasa. Maidin álainn a bhí inti agus radharc glórmhar siar ag an Aire, agus a chomhluadar i dtreo na Sceirdí agus go bun na spéire níos faide siar arís.



Bhí Eilís Nic Giolla Phádraig ag gabhail fhoinn agus ag casadh ceoil rud a chur go mór leis an ócáid.

Ar ndóigh, dá bhinne é an ceol agus dá bhreátha an mhaidin, bhí cúramaí troma le plé agus rinneadh sin.

Labhair Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Micheál Ó hÉanaigh, faoi fhorbairtí atá beartaíthe in Iorras Aithneach agus in iarthar Chonamara agus bhí tuar dóchais aige don cheantar.

Rinne an tAire Chambers tagairt do na hiarrachtaí forbartha sa gceantar agus labhair sé faoin bhFeilm Ghaoithe atá beartaíthe amuigh i Sceirde. Bh'facthas go mbeadh dea-thoradh ar sin agus creideann sé go mbeidh buntáisí le feiceáil as sin uilig thart sa gceantar seo.


Bhí beirt iar Airí Gaeltachta ag an ócáid – Éamon Ó Cuív agus Seán Kyne -chomh maith le beirt chomhalta ar Bhord Údarás na Gaeltachta, Mary Uí Chadhain agus Seosamh Ó Laoi agus an Comhairleoir Contae, Gerry King as Baile Conaola. Bhí Seanadóir as Baile Átha Cliath ann freisin, sin í Lorraine Clifford-Lee.

Ansin freisin an mhaidin chéanna bhí Joe Connolly, caiptín na Gaillimhe ócáid an bhua ghlórmhair i gCraobh Iomána na hÉireann i 1980, i láthair agus a mhac, Barry. Tádar leagtha ar dhrioglann fuisce a fhorbairt ar an Eastáit Tionscail in Roisín na Mainíoch; tá an t-iarratas ar chead pleanála curtha faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bheadh ionad oidhreachta a thabharfadj pictiúir de dhéantus fuisce ann; fuisce an "Chnoic Bhuí" atá baistíthe air ag na Connollys. Bheadh léargas freisin ann ar chuid de chúltúr agus ar stair Chonamara, agus de réir na réamhmheastacháin bheadh 30,000 duine ag triail ar an ionad agus 30 post ann, de réir a chéile.

Tá an t-iarratas ar chead pleanála le haghaidh an fhoirgnimh seo curtha faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Tarraingíodh anuas freisin an fhorbairt bhreise atá le déanamh ar Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus Diaspóra na Gaeltachta ag an ócáid seo. Táthar ag súil nach fada go mbeidh chuile shórt faoi réir le haghaidh an dara céim forbartha ansin. Ionad Míniúcháin ina dtabharfar léargas ar stair na himirce as na ceantracha Gaeltachta atá i gceist sa gcéim seo chomh maith le Garraí Cuimhneacháin na nImirceach ar an gcnocán ó dheas den Ionad. Bhí plean forbartha an Ionaid ar taspeáint ag an ócáid agus cuireadh an tAire Chambers ar an eolas faoin tionscnaimh uilig. Beidh léargas breá siar i dtreo an Oileáin Máisean agus siar i dtreo na Sceirdí agus siar i dtreo imeall na spéire ón láthair seo.

Beidh an ghrian ag scalladh aríst lá breá eicint amach anseo nuair a dhéanfar oscailt oifigiúil ar na forbairtí seo uilig!









# Oíche Chultúir 2022

**Mar cheiliúradh ar Oíche Chultúir na bliana seo, ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir cuireadh a thabhairt don phobal a bheith i láthair ag an Taispeántas Grianghrafadóireachta 'Aistear Físiúil trí Chonamara Láir' a bheas ar siúl ar an 23ú Meán Fómhair in Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh ón 6:30 - 8:30 i.n.**

**Is taispeántas é seo de na grianghraif, á léiríonn áilleacht nádúrtha agus uathúil an cheantair, atá le feiceáil i bhféilirí Chonamara Láir 2021/2022.**

**Beidh neart sólaistí le fáil ar an oíche agus beidh ceol binn á sheinm sa gcúlra.**

**Má theastaíonn uait breis eolais a fháil, téigh i dteagmháil le 087-1875384 nó le ocpt@conamaralair.ie**

**Scaipaigí an scéal agus táimid ag súil go mór sibh a bheith linn.**




# Féile Siúlóid Charna

Beidh Féile Siúlóid Charna ar siúl i mbliana ón 9 - 11ú Meán Fómhair. Cuirfear tús leis an bhféile le siúlóid suas chuig Loch Scainimh chun an chrannóg a fheiceáil.
Beifear ag bualadh le chéile ansin arís maidin Dé Satharn i dTeach Ghlinnsce chun clárú le haghaidh na siúlóidí eile (féach ar an gclár ar dheis).
Is féidir breis eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Damhnait ag bdamhnaith@yahoo.ie

Dé hAoine/ Friday 9th:

18:00-20:00: **Crannóg Loch Scainimh/ Loch Skannive Walk**
*Bualadh le chéile/ meeting at Glynsk House (H91DF80)*
Deacracht/Difficulty: Éasca/Easy
Costas/Cost: €5



Dé Sathairn/ Saturday 10th:

9:00: **Clárúchán/ Registration**
*Bualadh le chéile/ meeting at Glynsk House (H91DF80)*

10:00-12:00: **Siúlóid Cladaigh Treoraithe/ Guided Shore Walk Lúibín Mhaírois/Moyrus Loop**
Deacracht/Difficulty level: Measartha/Moderate
Am/Duration: 2:00
Costas/Cost: €10



12:30-13:30: **Briseadh Lóin/ Lunch Break**

14:00-16:00: **Siúlóid Cladaigh Treoraithe i Muigh-Inis Guided Shore Walk in Mynish**
Deacracht/Difficulty level: Measartha/Moderate
Am/Duration: 2:00
Costas/Cost: €10

Dé Domhnaigh/ Sunday 11th:

11:00: **Siúlóid treoraithe go Oileán Tréigthe Fhínis (trasna an trá) Guided walk to Deserted Island of Feenish (across the beach)**
Am/Duration: 2:00
Deacracht/Difficulty level: Éasca/Easy
Costas/Cost: €10

*BUS AR FÁIL/ BUS TRANSPORT AVAILABLE

Breis eolais/ More information:
Carna Walking Festival
Damhnait Bhreathnach- bdamhnait@yahoo.ie

Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council
Conamara Láir

Ba mhaith le Pleanáil Teanga Chonamara Láir ádh mór a ghuí ar iar-scoláirí Scoil Phobail Mhic Dara agus iad ag fáil torthaí na hArdteistiméireachta go luath. Tá bliain crua curtha isteach acu agus éacht mór bainte amach. Go n-éirí go geal libh sa saol amach romhaibh.





## Seaimpíní Craobh na hÉireann Rásaí Currachaí na mBan

Comhghairdeas mór le Máire Bríd Breathnach, Róisín Éinniú agus Bernie Seoige (ar chlé) a bhuaigh Craobh na hÉireann sna Rásaí Currachaí na mBan i gCloch na Rón ar an 8ú Lúnasa.

**Comhghairdeas le Patrick agus Iarla Keaney a tháinig sa chéad áit i gComórtas Iascaireachta na Beirtrí Buí ar an 13ú Lúnasa. Fuair Iarla duais 'Faoi 16' chomh maith. Comghardeas freisin le foireann Sean Keaney a tháinig sa dara háit agus foireann Colin Snow a bhí sa tríú háit.**

**Ba mhaith le Cumann Iascaireachta na Beirtrí Buí míle buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt agus a thug cúnamh ar an lá.**





**Comhghairdeas le foireann Carna Caiseal/ Na Piarsaigh a bhuaigh Cluiche Ceannais an Chondae Faoi 14 tráthnóna Dé Sathairn, an 20ú Lúnasa, i gcoinne Kilkerrin Clonberne / Killererin san Fháirche.**



# CIST€ POBAIL 2022

***Ar mhaith leat airgead chun imeachtaí/ tograí Gaeilge a reáchtáil?***

***Tá ciste de €300 á gcur ar fáil ag Pleanáil Teanga Chonamara Láir do ghrúpaí i gConamara Láir ar mhian leo tograí nó imeachtaí a eagrú sa gceantar a chuirfidh le húsáid na Gaeilge***

*SPRIOCDHÁTA:* **30 Meán Fómhair 2022**

TUILLEADH EOLAIS: OPT@CONAMARALAIR.IE

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir | Údarás na Gaeltachta | Gaeltacht na hÉireann | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# AISTRITHEOIR Á LORG


Pleanáil Teanga Chonamara Láir | Conamara Láir

**Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag lorg aistritheoir páirt-aimseartha**

***Fáilteofar roimh iarratais ó chéimithe a bhfuil togha na Gaeilge agus an Bhéarla scríofa agus labhartha acu chomh maith le taithí sa tionscal aistriúcháin.***

**SEOL LITIR IARRATAIS CHOMH MAITH LE CV CHUIG OPT@CONAMARALAIR.IE**

**Dé hAoine an 16/09/2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**



# Coirnéal Chomhrá



**Aoi na míosa: Caitríona Ní Cheannabháin**
**Amhranaí /Teagascóir/ Aisteoir**

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Tugann go leor daoine Caitríona Mhicheal Mháire Ghabha orm agus tugann muintir mo mháthair i Loch Con Aortha Caitríona Nóra Chiaráin orm .

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** As an Aird Thoir mé ó dhúchas ach tá mo chuid rútaí curtha agam anois i gCill Chiaráin. Dúisim chuile mhaidin ag breathnú amach ar an bhfarraige agus bím buíoch do amharc mo shúile nuair a fheicim an radharc aoibhinn atá os mo chomhair idir báid ag dul amach as an gcéibh agus na hoileáin shuaimhneach atá amach ó chaon taobh díom.

**3. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá an Ghaeilge go domhan i mo chroí agus i mo chuid féitheacha. Sin a thug ár muintir leo nuair a bhí orthu dul ar imirce fadó agus labhair siad a dteanga dhúchais gach áit a d'fhág siad lorg a gcos, agus sin go díreach a dhéanaim féin anois agus mé ar stáitsí ar fud na cruinne agus déanaim é sin le bród.

**4. An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá áthas an domhain orm go bhfuil mé ag baint úsáid as an Ghaeilge agus mé ag múineadh na hamhráin ar an sean-nós sna scoileanna agus sa naíonraí ar fud Chonamara agus freisin ar fud na hÉireann ag scoileanna samhraidh.

**5. Céard é an béile is fearr leat?** Yummy is breá liom Carbonara le sicín agus muisiriúin sin é an béile is deise liom uilig faoi láthair.

**6. Céard é an boladh is fearr leat?** An boladh is fear liom ná nuair a bhíonn mé ag súil amach Gleann Mór i gCill Chiaráin 's tá spóta ann atá an dúlra beo agus lán le bláthanna difriúla agus bíonn sé aoibhhinn do shúile a dhúnadh agus an boladh a thabhairt isteach.

**7. An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Bainim lán craic, spraoi agus allas as ranganna aclaíochta Róisín Ridge Fitness. Is duine í Róisín atá gealgháireach, lán de inspioráid agus bíonn mé ag damhsa tar éis an rang ach é sin ráite bíonn an toradh agat mar bíonn na matáin 'stiff' go maith lá arna mhárach.

**8. An saoire is mó a thaitin leat & cén fáth?** An saoire deiridh a bhí agam ná nuair a chuaigh mé go Nua-Eabhrac agus go Boston i Mí Bealtaine. Bhain mé an-sult as- bhí sé speisialta siúl síos Time Square agus siúl trí Central Park áiteacha mar seo a bhí le feiceáil sna scannáin ar nós Home Alone & Friends fadó. Bhí Boston aoibhinn freisin mar is iomaí duine muintreach linn a d'imigh anonn ann ar imirce na blianta fada ó shin.


**9. Bhfuil tú ag léamh aon leabhar faoi láthair?** Tá mé ag léamh 'Mise an Fear Ceoil' Dialann Taistil 1942-1946 Shéamus Ennis curtha in eagar ag Ríonach Uí Ógáin agus tá mé ag dul siar an bóthar leis ar an turas a thug sé go Carna na blianta ó shin. Tá sé an-suimiúil.

**10. An nóiméad den lá is fearr leat?** Nuair a dhúisim ar maidin bíonn mé buíoch go bhfuil mé fós beo. Bíonn mé ag súil go mór leis an lá atá amach romham agus breathnú amach an fhuinneog go bhfeicfidh mé cén sórt aimsir atá againn

**11. An t-am den bhliain is fearr leat?** Caithfidh mé rá gur aoibhinn liom an samhradh mar bíonn an ceantar lán le beocht idir Gaeilgóirí, turasóirí agus bíonn daoine ag dul amach ar an bportach, bíonn na héin ag ceol go binn agus go leor ag tarlú leis an nadúr agus an dúlra timpeall orainn. Tugann chuile séasúr a dhraíocht féin dúinn i mbealaí éagsúla.

**12. An chomhairle is fearr a tugadh duit:** An chomhairle is fearr a thug mo Mhama agus Dada dúinn ag fás aníos ná 'Abair Hello le chuile dhuine mar níl fhios ag aon duine cá luíonn an bhróg ar an gcéad duine eile'. Agus is iomaí duine a dúirt liom 'is deas suáilceach an duine tú' agus cuimhním i gcónaí ar an gcomhairle sin.

# Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Gráinne Ní Chatháin a bhuaigh comórtas mhí Lúnasa . Tógadh an pictiúr den spéir álainn ildaite seo ar an gCaiseal.

Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn. Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.

Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí Lúnasa chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa: Cill Bhriocáin

Tugadh an t-ainm ar an mbaile in ómós do Naomh Bhriocán. Gach bliain, ceiliúrtar lá an Tobar (Lá Naomh Bhriocáin) ar an 15ú Lúnasa.

## Seanfhocal na Míosa:

Is deacair a bheith ag feadaíl agus ag ithe mine

---

## Bí i dteagmháil linn!

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

**Fógra Séanta:** Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.